AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Eanair 2016

Chuig
BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE MHÚINTEOIREACHTA BUNSCOILEANNA AGUS IAR-BUNSCOILEANNA AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA mBORD OIDEACHAIS AGUS LEABHARLANN

Lá Forógra do Scoile, an 15 Márta

Socraíodh gur 15 Márta 2016 an 'Lá Forógra' do scoileanna in Éirinn

Mar chuid de chlár cuimhneacháin Éire 2016, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna am ar fáil do scoileanna le comóradh agus machnamh a dhéanamh ar na heachtraí a tharla 100 bliain ó shin. Seo a leanas achoimre ar nithe a d'fhéadfadh a bheith san áireamh. Níl sé mar aidhm ag an achoimre seo a bheith saintreorach ná iomlán. Faoi ardbhainistíocht agus múinteoirí na scoile atá sé, i gcomhairle leis na daltaí dá bhféadfaí é, cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige a ghlacfaidh an scoil i leith Lá Forógra.

Faoi mhí an Mhárta, beidh Bratacha Náisiúnta agus cóipeanna den Fhorógra bunaidh faighte ag gach bunscoil agus iar-bhunscoil, ó na Fórsaí Cosanta nó ó Fhondúireacht Thomas Francis Meagher. Chuirfí tús maith leis na himeachtaí i scoil ar Lá Forógra dá mbeadh searmanas ardaithe brataí ann, dá seinnfí nó dá gcanfaí an tAmhrán Náisiúnta agus b'fhéidir dá léifeadh múinteoirí agus/nó daltaí an Forógra. Chomh maith leis sin d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an acmhainní chuimsitheach atá dírithe ar an mBratach Náisiúnta agus atá ar fáil ar Scoilnet faoi láthair www.scoilnet.ie/irishflag (iar-bhunscoileanna agus, le déanaí, bunscoileanna freisin). Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoirí agus/nó daltaí cur i láthair gairid a dhéanamh ar stair agus ar bhunús na brataí roimh Lá Forógra nó ar an lá féin.

D'fhéadfadh ceol, filíocht, amhráin stairiúla nó chomhaimseartha a bheith mar chuid de na himeachtaí ar Lá Forógra mar aon le taispeántais ealaíne nó d'fhéadfadh daltaí drámaí gearra a chur ar stáitse. Díríodh aird an phobail ar fhormhór na seánraí cultúrtha sin trí chomórtais náisiúnta nó uile-oileáin, nó trí sheónna taistil ar thacaigh an Roinn leo. Is dócha go mbeidh a lán scoileanna ag iarraidh roinnt míreanna taispeántais agus léirithe a úsáid san imeacht seo. Níl aon iallach ar scoil glacadh le haon cheann de na cuir chuige seo, ach moltar gur chóir béim a leagan ar éagsúlacht agus ar théamaí aoisoiriúnacha in aon imeacht a bhaineann le Lá Forógra.

De thairbhe go mbeidh Lá Forógra ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge, d'fhéadfadh scoileanna smaoineamh ar pháirt a ghlachadh i bhFéile na Físe, arna heagrú ag Conradh na Gaeilge. Cuirfidh Seachtain na Gaeilge (www.snag.ie nó snag@cnag.ie) cóipeanna crua agus boga de liricí amhrán, céimeanna rince, acmhainní dráma agus ceoil agus acmhainní eile nach iad ar fáil.

Ba chóir go mbeadh sé mar phríomhfhócas ar Lá Forógra go nochtfaí agus go léifí 'Forógra do Ghlúin Nua' i ngach uile scoil. Trí úsáid a bhaint as Forógra 1916 mar bhunús, iarrtar ar bhunscoileanna agus

ar iar-bhunscoileanna Forógra nua a scríobh don bhliain 2016. Tá roinnt smaointe ar fáil ar Scoilnet do scoileanna ar féidir iad a úsáid, más mian leo, le tacú le daltaí machnamh agus athléamh a dhéanamh ar an bhForógra (www.scoilnet.ie/proclamationtemplate). Is é an aidhm atá leis go gcruthóidh ár ndaoine óga Forógraí nua a léireoidh a bhfís le haghaidh Éire nua-aimseartha, a ghlacfaidh le daoine ó roinnt mhaith náisiún agus cultúr.

Féadfaidh scoileanna Forógra amháin a scríobh don scoil ar fad nó féadfaidh gach rang a cheann féin a scríobh. Iarrtar ar scoileanna forógra AMHÁIN in aghaidh gach scoil a chur ar láithreán gréasáin Scoilnet tríd an bhfoirm speisialta forógra ar www.scoilnet.ie/proclamationtemplate . Beidh na forógraí ar fad a chuirfear ar aghaidh le feiceáil ag an bpobal ar láithreán gréasáin Scoilnet.

Ní mór do gach scoil a chuirfidh forógra ar aghaidh múinteoir a ainmniú a logálfaidh isteach i gcuid slán de Scoilnet trína gcuntas Scoilnet. A luaithe a bheidh tú logáilte isteach, beidh nasc chun an forógra a chur leis le feiceáil ar Dheais Scoilnet, Déanfaidh an múinteoir an téacs a chóipeáil agus a ghreamú sa bhfoirm agus ginfear forógra na scoile. Ní mór do gach forógra a bheith 600 focal ar a mhéid. Is féidir é a scríobh i nGaeilge, i mBéarla nó aon teanga eile a labhraítear nó a mhúintear sa scoil. Beidh cóip d'fhorógra na scoile le fáil le híoschóipeáil i bhformáid PDF.

Mar chuid ar leith den Chlár Chéad Bliain 2016 tugtar cuireadh do dhaoine óga físeán dá bhForógra a thaifeadadh. Cuirfear sin ar thaispeáint ar bhealach You Tube Éire 2016. Lena chois sin beidh deis ag páistí a mbuanna cruthaitheacha a thaispeáint trí mharc speisialta Doodle 4 Google a dhearadh do chuimhneachán chéad bliain 1916 ar an téama "Tá Éire....' Féadfaidh scoileanna, dar ndóigh, obair a rinne daltaí ar na tionscadail sin a áireamh ina gcuid gníomhaíochtaí ar Lá an Fhorógra.

Iarradh ar dhaltaí oibriú ar chomórtais atá dírithe ar théamaí 1916 sa chomórtas Uile-Oileáin Staire. D'fhéadfadh íomhánna agus téacs a bheith mar chuid de thaispeántas ar bith den obair a dhéanfar ar an tionscadal sin. Tá sonraí iomlána maidir leis an gcomórtas sin, a bhfuil an 4 Márta mar sprioc-am aige agus ar féidir é a dhéanamh ar réimse leathan topaicí, ar fáil ar www.scoilnet.ie/ireland2016. Mar an gcéanna, spreag na hionaid oideachais tionscadail staire áitiúla dírithe ar 1916. D'fhéadfadh scoileanna an deis a thapú agus Lá Forógra a úsáid le hiad a chur ar taispeáint, b'fhéidir ar mhaidin oscailte do thuismitheoirí agus do theaghlaigh freisin.

Beidh obair déanta ag roinnt mhaith daltaí ar thionscadail neamhiomaíocha, mar shampla ar tionscadal sinsearachta 1916. Ligeann tionscadal sinsearachta mar sin (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) do dhaltaí taighde a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar shinsear a mhair sa bhliain 1916 (in Éirinn nó thar lear; bliain an-tábhachtach i roinnt mhaith tíortha ba ea 1916). Tá níos mó sonraí ar na tionscadail sin ar fáil ar www.scoilnet.ie/ireland2016 agus, arís, d'fhéadfadh an obair a dhéanfaidh daltaí a chur ar taispeáint ar Lá Forógra ina scoil.

Ba chóir do scoileanna machnamh a dhéanamh go cúramach ar an méid ama teagaisc is main leo a thabhairt d'imeachtaí a bhaineann le Lá Forógra. D'fhéadfaí roinnt mhaith dá bhfuil molta thuas a dhéanamh go han-mhaith ag am ar leith, ar maidin nó san iarnóin. Má tá obair daltaí á cur ar taispeáint is féidir, ar ndóigh, í sin a chur ar taispeáint roimh Lá Forógra agus tar éis an lae é féin. I gcúinsí speisialta, féadfaidh scoil níos mó nó níos lú am teagaisc a thabhairt dá clár le haghaidh Lá Forógra, agus tá sé sin inghlactha freisin. Mar sin féin, ní mór do dhaltaí freastal ar an scoil an lá ar fad; is gnáthlá scoile é, beag beann ar cé chomh fada agus a mhairfidh aon chlár le haghaidh 'Lá Forógra' sa scoil.

Kevin McCarthy

Cigire Sinsearach, An tAonad um Bheartas Curaclaim agus Measúnachta